

DAOINE GEANAMHLA

D'éirigh trioblóid bhuailte annseo fadó idir Clann nDomhnaill, Clann Mhichíl Mhic Thaidhg, agus Clann Pheadair Seoighe –Clann Pheadair Cheartair. Eangacha sgadán a bhí amuich acab agus chuaigh na heangacha i bhfastó ina chéile. Bhí tus ag na Seoighigh dhá dtógáil ar maidin agus b'éigean dóibh líonta chlann nDomhnaill a ghearradh a' réiteach a gcuid féin. Nuair a tháinig Clann nDomhnaill bhí na Seoighigh a' gul ag imtheacht abhaile. Bhí fhios ag Clann nDomhnaill gurbh iad na Seoighigh a ghearr a gcuid eangacha. D'éistigheadar leis na heangacha agus leanadar na Seoighigh go mbanaidís sásamh díobh ar a raibh déanta acab orthab.

"Fáisgidh ortha" , adeir fear de na Seoighigh "tá siad dár leanamhaint go marbhuighe siad muid."

Ní raibh bád ar bith san am sin nach mbíodh clocha leagtha isteach innte le faitchíos go n-eireochadh aon trioblóid nach mbeadh deis ag fear le faitchíos a chur ar an námhaid.

Bhris duine de na Seoighigh ceann de na maidí rámha agus tháinig Clann nDomhnaill suas leis. Cheap sé go raibh sé marbh faoi láthair aige. Ní raibh ann níos mó. Chasadar ar ais agus fuadar a' tógáil a gcuid eangach. Chuir an Seoigheach dlighe air agus d'éirigh sé ina chúrsaí seisiúin. An lá a rabhadar trí na chéile a' gul 'un a' tseisiúin casadh bó leis an Seoigheach ar Chlann nDomhnaill a bhí dhá báthadh i bportach. Ní fhágfadh sí sin go bráthach go bplúchtaoi í mara dtógtáí í.

"Bhfuil fhios ag duine ar bith cé leis a' bhó?" adeir an t-athair leis an gclann. "Tá fhios a'msa" adeir mac acab, "gur le Peadar Seoighe í." "Caithidh dhíbh agus tarraingigí an bhó" adeir an t-athair. "Ní dhearna sí sin tada ar aonduine. Is cuma léithe cé ólfas a cuid bainne."

Tharraingigheadar a' bhó. Nuair a bhí sí triomuighthe ar an gcnocán acab cé d'feicfidís ag tigeacht ach Peadar Seoighe agus a chlann.

"Ná téighidhe níos faide" adeir Peadar Seoighe le Clann nDomhnaill nuair a chonaic se an bhó tarraingithe sábhálte acab. "Ní bheidh aon dlighe ann." Shiubhail an seisear abhaile ag cainnt agus ag comhrádh agus chraitheadar lámh le chéile agus ní raibh faoi ní ba mhó. Níl aon lá ariamh ó shoin nach bhfuil sé seo ina pharabal ag daoine, a' radh gur mór an t-iongantas nach ndeanfaí tuille aithris ar Chloinn nDomhnaill agus na Seoighigh. Daoine geanamhla a bhí ins an dá dhream.